teaching divided histories

MODÚL 4.

ÉIRÍ AMACH NA CÁSCA

Áis Oideachasúil
d'Eochairchéim 3 agus don Idirbhliain

nerve centre

CDETB
An Bord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath
City of Dublin Education and Training Board

BRITISH COUNCIL

cea
Rewarding Learning

CDU
Curriculum Development Unit

European Union
European Regional Development Fund
Investing in your future

Special EU Programmes Body
Foras Um Chláir Speisialta An AE
Boord O Owre Ocht UE Projecks

ADMHÁLACHA

Is tionscadal 3 bliana é Stair Scoilte a Theagasc a thug cur chuige nua i leith staidéar na coimhlinte isteach sa churaclam scoile i dTuaisceart Éireann agus i bPoblacht na hÉireann araon, agus i dtíortha thar lear fosta. D'oibrigh The Nerve Centre, a bhí i gceannas ar an tionscadal, i gcomhpháirt le Comhairle na Breataine, le hAonad Forbartha Curaclaim BOO Chathair Bhaile Átha Cliath, le CCEA agus le réimse comhpháirtithe eile chun eolas agus oilteacht a aistriú idir Tuaisceart Éireann agus sochaithe eile a ndeachaigh coimhlint i bhfeidhm orthu ar an dóigh ar féidir soláthar an oideachais agus na foghlama a fhorbairt le sochaí chomhroinnte a chothú. Tá an tionscadal Stair Scoilte a Theagasc á thacú ag Clár PEACE III an Aontais Eorpaigh, atá á bhainistiú ag Comhlacht na gClár Speisialta AE.

Matthew Mc Aleer, Emma McDermott, Niall Kerr agus John Peto ón fhoireann Stair Scoilte a Theagasc sa Nerve Centre a d'fhorbair an modúl seo bunaithe ar inneachar stairiúil a chuir Fearghal McGarry agus Jennie Carlsten ó Ollscoil na Banríona, Béal Feirste ar fáil. Ba mhaith linn buíochas a ghabháil leis an Chomhairle um Thaighde sna hEalaíona agus sna Daonnachtaí as obair Fearghal agus Jennie a mhaoiniú.

Buíochas ó chroí uainn do mhúinteoirí na scoileanna seo a leanas a chuidigh le forbairt na háise:

St. Malachy's College, Béal Feirste; Lagan College, Béal Feirste; Cross and Passion College, Baile an Chaistil; Ballycastle High School; St. Patrick's High School, An Céide; St. Mary's College, Doire; Lisneal College, Doire; St. Columb's College, Doire; Foyle College, Doire; Oakgrove College, Doire; Lumen Christi College, Doire; St. Cecilia's College, Doire; Immaculate Conception College, Doire; Moville Community College, Co Dhún na nGall; Carndonagh Community School, Co Dhún na nGall; St. Eunan's College, Leitir Ceanainn; Pobalscoil na Rosann, An Clochán Liath; Gairmscoil Mhic Diarmada, Árainn Mhór; Newry High School, an tIúr; Sacred Heart Grammar School, an tIúr; Dromore High School, An Droim Mór; Shimna Integrated College, An Caisleán Nua; Bangor Academy and Sixth Form College, Beannchar; Castleblayney College, Co Mhuineacháin.

Buíochas speisialta do Mary Gannon agus do Aidan Clifford ón Aonad Forbartha Curaclaim de Bhord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath, do Mary Rice ó St. Malachy's College, Béal Feirste, do Amanda Blakely ó Newry High School, agus do Eamonn Devlin agus Paul Taggart ó Sacred Heart Grammar School, an tIúr, as a gcuid aiseolas uileghabhálach agus moltaí le linn fhorbairt na n-ábhar.

Buíochas fosta le Bord Comhairleach an tionscadail Stair Scoilte a Theagasc: Maurna Crozier, Martin Melarkey, Aidan Clifford– CDU/CDETB, David Alderdice – British Council Northern Ireland, Richard Hanna – CCEA, an Dr Alan McCully – University of Ulster, an tOll. Tony Gallagher – Queen's University of Belfast, Richard Kearney – Boston College, an Dr Eamon Phoenix – Stranmillis College, Béal Feirste.

Tá na húdair agus an foilsitheoir fíorbhuíoch as an chead a tugadh na hábhair faoi chóipcheart san áis seo a atáirgeadh. Rinneadh gach iarracht teacht ar shealbhóirí cóipchirt agus a gcead a fháil ábhair faoi chóipcheart a úsáid. Gabhann an foilsitheoir a leithscéal as earráidí nó easnaimh ar bith agus bheadh sé buíoch dá gcuirfí in iúl dó ceartúcháin ar bith ba chóir a bheith san áireamh in athchlónna nó in eagráin den áis seo san am atá le teacht.

Arna Fhoilsiú ag: The Nerve Centre, Doire • www.nervecentre.org

Dearadh: Una Martin, PaperMouse, Béal Feirste • www.papermouse.net

Is féidir an áis seo a íoslódáil ó www.nervecentre.org/teachingdividedhistories

CLÁR ÁBHAIR

MODÚL 4.

ÉIRÍ AMACH NA CÁSCA	
ACHOIMRE AR AN MHODÚL	4
RIACHTANAIS REACHTÚLA DON STAIR	5
SCILEANNA SMAOINTEOIREACHTA / ÚSÁID TFC	6
TASCANNA TRASCHURACLAIM	7
CEACHT 1: ROIMH AN RÉABHLÓID	
CEACHT 1: PLEAN CEACHTA	9
CEACHT 1: EOCHAIRFHAISNÉIS	11
CEACHT 1: TASCLEATHÁN M4L1	17
CEACHT 1: TASCANNA DIGITEACHA	18
CEACHT 2: AIDHMEANNA AGUS IDÉIL NA REIBILIÚNACH	
CEACHT 2: PLEAN CEACHTA	21
CEACHT 2: EOCHAIRFHAISNÉIS	23
CEACHT 2: TASCANNA DIGITEACHA	30
CEACHT 3: SEACHTAIN NA CÁSCA	
CEACHT 3: PLEAN CEACHTA	33
CEACHT 3: EOCHAIRFHAISNÉIS	35
CEACHT 3: TASCANNA DIGITEACHA	42

MODÚL 4.

CEACHT 4: CUR FAOI CHOIS AGUS IARMHAIRT AN ÉIRÍ AMACH	
CEACHT 4: PLEAN CEACHTA	45
CEACHT 4: EOCHAIRFHAISNÉIS	47
CEACHT 4: TASCLEATHÁN M4L4	53
CEACHT 4: TASCANNA DIGITEACHA	54
CEACHT 5: MNÁ AGUS AN tÉIRÍ AMACH	
CEACHT 5: PLEAN CEACHTA	57
CEACHT 5: EOCHAIRFHAISNÉIS	59
CEACHT 5: TASCANNA DIGITEACHA	65
CEACHT 6: CUIMHNEACHÁN	
CEACHT 6: PLEAN CEACHTA	69
CEACHT 6: EOCHAIRFHAISNÉIS	71
CEACHT 6: TASCANNA DIGITEACHA	77
CEISTEANNA & FREAGRAÍ	81

MODÚL
4.

ACHOIMRE

Sa mhodúl seo, fiosrófar na hidéil éagsúla a bhí ag muintir na hÉireann roimh an Éirí Amach agus an dóigh ar spreag idéil mhíleatacha iad le héirí amach uaillmhianach a thosú i Seachtain na Cásca, 1916.

Déantar scagadh agus anailís sa mhodúl ar na hidéil éagsúla a thug, sa deireadh, ar dhream beag reibiliúnach éirí agus troid in éadan Riail na Breataine in Éirinn. Tabharfar aird ar phríomhphearsana – idir fhir agus mhná – agus pléifear an tábhacht a bhí leo don Éirí Amach. Tabharfar cuntas sa mhodúl ar imeachtaí Sheachtain na Cásca agus ar an tábhacht a bhí le cur faoi chois an éirí amach don phobal. Sa cheacht dheireanach den mhodúl, foghlaimeoidh daltaí faoi dhóigheanna a ndearnadh cuimhneachán ar an Éirí Amach thar na blianta agus smaoineoidh siad ar dhóigheanna ar féidir cuimhne a dhéanamh go measúil ar na heachtraí seo.

Is iad na deiseanna foghlama do dhaltaí atá i ngach ceacht: modheolaíochtaí don fhoghlaim ghníomhach atá bunaithe ar cheistiú agus ar fhiosrú, agus naisc le sraith íomhánna, fuaimeanna agus físeáin chartlainne. Cuirfidh na tascanna digiteacha ar chumas na ndaltaí léirithe cruthaitheacha a chruthú den fhoghlaim atá forbartha acu ar an choimhlint i dTuaisceart Éireann.

teaching divided histories
www.nervecentre.org/teachingdividedhistories

Eolas, Tuiscint agus Scileanna na ndaltaí a fhorbairt	CUSPÓIR 1 Daltaí a fhorbairt mar Dhaoine Aonair	CUSPÓIR 2 Daltaí a Fhorbairt mar Rannpháirtithe sa tSochaí	CUSPÓIR 3 Daltaí a Fhorbairt mar Rannpháirtithe don Gheilleagar agus don Timpeallacht
Ba chóir go mbeadh deiseanna ag na daltaí: Tuiscint ar na rudaí thíos a úsáid leis an am atá thart agus an dóigh a dtéann sé i bhfeidhm ar an domhan inniu a fhiosrú: • Dearcthaí agus léirmhínithe éagsúla • Cúis agus iarmhairt • Leanúnachas agus athrú • Dul chun cinn agus dul ar gcúl **na scileanna thíos a fhorbairt:** • Scileanna fiosraithe le tabhairt faoi fhiosrúcháin staire • Scileanna smaointeoireachta criticiúla le réimse fianaise a mheas agus le léirmhínithe éagsúla a thuiscint • Scileanna smaointeoireachta cruthaithí sa chur chuige i leith fadhbréitigh agus cinnteoireachta • Feasacht ar an chroineolaíocht agus an cumas naisc a dhéanamh idir tréimhsí, eachtraí agus cora cinniúna sa stair • An cumas dearcthaí atá steiréitipiciúil, claonta nó as a riocht a cheistiú trí fhreagairtí atá íogair, feasach agus cothrom mar is cuí **trí raon leathan cothrom de:** • Tréimhsí stairiúla • Comhthéacsanna Éireannacha, Briotanacha, Eorpacha agus domhanda • Forbairt shuntasach i gcúrsaí polaitíochta, sóisialta, eacnamaíocha, cultúrtha agus reiligiúnacha	**Ba chóir go mbeadh deiseanna ag na daltaí:** An dóigh a ndeachaigh an stair i bhfeidhm ar a bhféiniúlacht, a gcultúr agus a stíl mhaireachtála féin a fhiosrú ***(Tuiscint Phearsanta)*** 1 2 3 4 5 6 Fiosrú a dhéanamh ar an dóigh a ndearnadh an stair a léirmhíniú go roghnaitheach le tuairimí steiréitipiciúla a chruthú agus le dearcthaí agus gníomhartha a chosaint ***(Comhthuiscint)*** Fiosrú a dhéanamh ar dhaoine ar leith a mheastar a ghlac seasamh morálta suntasach, agus a spreagadh agus a n-oidhreacht a scrúdú ***(Meon Morálta)*** 1 2 Ceisteanna a bhaineann le Sláinte Phearsanta a chíoradh ***(Sláinte Phearsanta)*** Ceisteanna a bhaineann le Feasacht Spioradálta a chíoradh ***(Feasacht Spioradálta)***	**Ba chóir go mbeadh deiseanna ag na daltaí:** Cúiseanna agus iarmhairtí chríochdheighilt na hÉireann, idir fhadtéarmach agus gearrthéarmach, a fhiosrú, agus tionchar na críochdheighilte ar Thuaisceart Éireann sa lá atá inniu ann a fhiosrú, imeachtaí tábhachtacha agus cora cinniúna san áireamh ***(Saoránacht)*** 5 6 Tionchar eachtraí/ smaointe tábhachtacha an 20ú haois ar an domhan a fhiosrú ***(Tuiscint Chultúrtha)*** 1 2 3 4 5 Cumhacht na meán a fhiosrú go grinn agus a mheas maidir lena léiriú ar eachtra nó ar dhuine atá suntasach sa stair ***(Feasacht ar na Meáin)*** 5 Fiosrú a dhéanamh ar shaincheisteanna tábhachtacha sa stair nó ar dhaoine stairiúla a ghníomhaigh go heiticiúil nó go mí-eiticiúil ***(Feasacht Eiticiúil)*** 2 3 4	**Ba chóir go mbeadh deiseanna ag na daltaí:** Fiosrú a dhéanamh ar dhóigheanna a mbeidh na scileanna a d'fhorbair siad sa stair úsáideach dóibh i réimse gairmeacha ***(Infhostaitheacht)*** Saincheisteanna a bhaineann le Feasacht Eacnamaíoch a fhiosrú: ***(Feasacht Eacnamaíoch)*** Fiosrú a dhéanamh ar an ghá leis an stair a chaomhnú sa timpeallacht áitiúil agus dhomhanda ***(Oideachas d'Fhorbairt Inbhuanaithe)***

TORTHAÍ FOGHLAMA

Éilíonn na torthaí foghlama léiriú scileanna agus feidhmiú eolais agus tuisceana ar an Stair agus ar a tionchar san am i láthair.

BA CHEART DO DHALTAÍ A BHEITH IN ANN:

- faisnéis a thaighde agus a bhainistiú go héifeachtach le saincheisteanna staire a fhiosrú, agus Matamaitic agus TFC a úsáid más cuí;
- tuiscint níos doimhne ar an stair a léiriú de thoradh ar smaoineamh go criticiúil agus go solúbtha, fadhbanna a réiteach agus cinntí eolasacha a dhéanamh, agus Matamaitic agus TFC a úsáid más cuí;
- cruthaitheacht agus tionscnaíocht a léiriú agus iad ag forbairt smaointe agus á gcur i bhfeidhm;
- oibriú go héifeachtach le daoine eile;
- féin-bhainistiú a léiriú agus iad ag obair go córasach, ag leanúint le tascanna, ag meas agus ag feabhsú a ngnóthachtáil;
- cumarsáid a dhéanamh go héifeachtach i bhformáidí labhartha, físeacha, scríofa, matamaiticiúla agus TFC, agus feasacht shoiléir ar spriocghrúpa agus ar chuspóir a léiriú.

1 Ceacht 1: Roimh an Réabhlóid

2 Ceacht 2: Aidhmeanna agus Idéil na Reibil-iúnach

3 Ceacht 3: Seachtain na Cásca

4 Ceacht 4: Cur Faoi Chois agus Iarmhairt an Éirí Amach

5 Ceacht 5: Mná agus an tÉirí Amach

6 Ceacht 6: Cuimhneachán

SCILEANNA SMAOINTEOIREACHTA AGUS ÁBALTACHTAÍ PEARSANTA

Trí rogha tascanna aonair, grúpa agus digiteacha, cuirtear an deis ar fáil do na daltaí ciall, smaointe agus anailís a chur i bhfeidhm ar an fhaisnéis a tugadh dóibh agus patrúin agus ceangail a anailísiú. Agus iad ag úsáid TFC, beidh an deis ag na daltaí fosta eolas agus smaointe nua a chruthú, a dhearadh agus a roinnt, chomh maith lena ndul chun cinn a mheas agus súil a choinneáil air. Spreagtar na dalltaí, agus iad ag foghlaim agus ag cothú smaointe, a gcuid mothúchán a thuiscint agus a bhainistiú mar aon leis an fhaisnéis a tugadh dóibh. Taispeántar do na daltaí modhanna le faisnéis agus smaointe nua a thaighde lena chur ar a gcumas dul ar aghaidh agus a bhfoghlaim féin a stiúradh.

ÚSÁID TFC

Tá deis do na daltaí i ngach ceann de na 6 cheacht sa mhodúl scileanna in úsáid TFC a fhorbairt. Tá áiseanna breise molta i ngach ceacht a spreagann na daltaí raon d'fhíseáin, d'íomhánna agus de ghearrthóga fuaime a úsáid leis an topaic a fhiosrú, agus smaoineamh criticiúil agus machnamh a dhéanamh uirthi. Tugann na tascanna digiteacha sa mhodúl an deis do na daltaí foghlaim go neamhspleách agus i gcomhar a chéile araon. Forbraíonn siad fosta a gcuid foghlama trasna na 5 Riachtanas (Fiosrú, Cur in Iúl, Malartú, Luacháil, Taispeáint) ar roinnt pacáistí bogearraí.

Spreagann úsáid TFC na daltaí le bheith cruthaitheach, smaoineamh go neamhspleách, comhoibriú le daoine agus an méid atá foghlamtha acu a roinnt ar ardán digiteach.

TASCANNA TRASCHURACLAIM

Ceacht 1. Roimh an Réabhlóid

Foghlaim don tSaol agus don Obair

Ina bpéirí, cruthóidh na daltaí amlíne na n-eachtraí roimh Éirí Amach na Cásca. Déanfaidh na daltaí taighde ar an tréimhse 1800-1916 ó Acht an Aontais ar aghaidh. Ar an amlíne, marcálfaidh na daltaí Acht an Aontais, Fuascailt na gCaitliceach, an Gorta Mór, Cogadh na Talún agus Gluaiseacht an Rialtais Dúchais. Ba cheart do na daltaí dhá eachtra eile ar a laghad a mharcáil ar an amlíne, eachtraí a ndearna siad féin taighde orthu.

Osclóidh na daltaí Bogearraí Cruthaithe Greannán (m.sh. Comic Life) agus úsáidfidh siad íomhánna, bolgáin chainte/boscaí fotheidil le cur síos a dhéanamh ar gach eachtra agus ar a tionchar ar Éirinn ar bhonn sóisialta, polaitiúil nó eacnamaíoch.

Réimse Foghlama: Saoránacht Áitiúil agus Dhomhanda – Comhionannas agus Ceartas Sóisialta

Fiosrú a dhéanamh ar an dóigh ar féidir le cineálacha neamhionannais tarlú sa tsochaí. Cuirfear san áireamh na dóigheanna agus na fáthanna a dtiocfadh le neamhionannas nó leithcheal dul i bhfeidhm ar dhaoine áirithe ar bhonn fhéiniúlacht a ngrúpa.

Ceacht 2. Aidhmeanna na Reibiliúnach

Gaeilge agus Oideachas na Meán san áireamh

Déanfaidh na daltaí taighde ina mbeirteanna ar fhocail agus ar fhilíocht Phádraig Mhic Phiarais agus James Connolly. Bhí eolas forleathan ar thuairimí Mhic Phiarais, Connolly agus reibiliúnaigh eile mar gheall ar a gcuid scríbhinní agus óráidí. Cad é mar a chuirfeadh na pearsana poiblí seo a gcuid tuairimí in iúl sa lá atá inniu ann? Roghnóidh na daltaí 3 phíosa scríbhneoireachta/shliocht athfhriotail le Mac Piarais nó le Connolly agus déanfaidh siad sraith postálacha ar mheáin shóisialta astu. Ní bheidh thar 140 carachtar i ngach postáil, beidh haischlib uirthi agus beidh íomhá ceangailte léi.

Cruthóidh na daltaí íomhá dhigiteach le Bogearraí Eagarthóireacht Íomhánna (m.sh. GIMP) le haird a dhíriú ar na postálacha meáin shóisialta. Úsáidfidh na daltaí an uirlis téacs leis na postálacha a chur ar bharr íomhá den Phiarsach nó de Connolly. Beidh cead ag na daltaí cineálacha éagsúla clófhoirne a úsáid agus maisíochtaí agus scagairí breise a chur leis an íomhá. Ina dhiaidh sin ba cheart do na daltaí smaoineamh ar cé acu modh cumarsáide is éifeachtaí.

(Cuspóir 2) Daltaí a Fhorbairt mar Rannpháirtithe sa tSochaí

Smaoinigh ar na hathruithe a thagann ar an chiall nuair a chuirtear téacsanna in oiriúint do mheáin éagsúla.

Eochairghné: Feasacht ar na Meáin

CEACHT 3. Seachtain na Cásca

Ceol

Ina bpéirí, déanfaidh na daltaí taighde ar na trí amhrán: 'A Row in the Town', 'James Connolly' agus 'The Foggy Dew'. Sa taighde, éistfidh na daltaí le gach amhrán agus cláróidh siad faisnéis faoi gach amhrán.

Cruthóidh na daltaí taispeántas sleamhnán ina mbeidh nasc le gach amhrán agus ina bhfreagrófar na ceisteanna seo a leanas: Cé a scríobh an t-amhrán? Cuntas gearr a dhéanamh ar shaol an duine seo.

Cad é ábhar an amhráin seo?

Cad é an mothú atá an t-amhrán ag iarraidh a spreagadh san éisteoir?

An liric is fearr libh a thaispeáint agus bhur rogha a mhíniú.

I ndiaidh dóibh na ceisteanna a fhreagairt, déanfaidh na daltaí achoimre ar an tionchar is féidir a bheith ag an cheol nuair atá ócáid/duine á cheiliúradh/chomóradh.

(Cuspóir 2) Daltaí a fhorbairt mar Rannpháirtithe sa tSochaí

Fiosrú a dhéanamh ar chumhacht an cheoil le mothú agus atmaisféar a mhúscailt agus le tionchar a imirt ar iompar.

Éisteacht le héifeacht mhothúchánach ceoil a cheiliúrann éachtaí daoine, agus í a phlé.

Eochairghné: Saoránacht

CEACHT 4. Cur Faoi Chois agus Iarmhairt an Éirí Amach

Foghlaim don tSaol agus don Obair

Ina bpéirí, déanfaidh na daltaí taighde ar mharú Francis Sheehy-Skeffington le linn Sheachtain na Cásca agus pléifidh siad mar a thiocfadh le marú sibhialtaigh neamhurchóideacha dul i bhfeidhm ar an phobal i ndiaidh an Éirí Amach.

Úsáidfidh na daltaí Bogearraí Físeagarthóireachta (m.sh. Movie Maker) le cuntas a thabhairt ar Francis Sheehy-Skeffington agus ar na heachtraí a bhain le hArm na Breataine é a mharú le linn Sheachtain na Cásca. Mar chuid den scannán, pléifidh daltaí fosta an éifeacht a d'fhéadfadh a bheith aige seo – agus ag maruithe eile – ar an phobal i gcoitinne i ndiaidh an Éirí Amach. Úsáidfidh na daltaí íomhánna socra (agus físeán agus fuaim má tá siad ar fáil) agus foscríbhinní leis an tasc a dhéanamh.

Réimse Foghlama: Saoránacht Áitiúil agus Dhomhanda – Cearta Daonna agus Freagracht Shóisialta

Cásanna áitiúla agus domhanda inar sáraíodh cearta daonna go dona a fhiosrú.

CEACHT 5. Mná agus an tÉirí Amach

Gaeilge agus Oideachas na Meán san áireamh

Ina bpéirí, déanfaidh na daltaí taighde ar íomhánna amhail póstaeir, cártaí poist agus cartúin a thug poiblíocht do cheart vótála do mhná agus do rannpháirtíocht na mban sa ghluaiseacht náisiúnach/phoblachtach (m.sh. Inghinidhe na hÉireann, Na Fianna Éireann agus Cumann na mBan).

Úsáidfidh na daltaí Bogearraí Físeagarthóireachta (m.sh. Movie Maker) leis na hábhair bholscaireachta seo a léiriú, le cur síos a dhéanamh ar a gcuspóir agus lena n-éifeachtacht a phlé. Úsáidfidh na daltaí íomhánna socra agus foscríbhinní leis an tasc a dhéanamh.

(Cuspóir 2) Daltaí a fhorbairt mar Rannpháirtithe sa tSochaí

Cíoradh a dhéanamh ar chumas réimse de theicnící cumarsáide eolas a thabhairt, siamsaíocht a chur ar fáil, tionchar a imirt agus rudaí a chur ina luí ar dhaoine.

Eochairghné: Feasacht ar na Meáin

Ceacht 6. Cuimhneachán

Ealaín agus Dearadh

Déanfaidh na daltaí taighde ar mhúrphictiúir a dhéanann cuimhneachán ar Éirí Amach na Cásca. Cruthóidh na daltaí taispeántas digiteach de na híomhánna a d'aimsigh siad sa taighde. Déanfaidh na daltaí na múrphictiúir seo a mheas agus pléifidh siad an teachtaireacht atá gach múrphictiúr ag iarraidh a chur in iúl. An dtiocfadh a rá go bhfuil múrphictiúr ar bith acu seo conspóideach? An féidir cuimhneachán a dhéanamh ar ócáid mar seo gan a bheith conspóideach?

Bainfidh na daltaí úsáid as Bogearraí Eagarthóireacht Íomhánna (m.sh GIMP) le taispeántas grianghraf a chruthú a léiríonn roinnt múrphictiúr a dhéanann cuimhneachán ar Éirí Amach na Cásca. Iompórtálfaidh na daltaí ilíomhánna mar shraitheanna agus úsáidfidh siad na huirlisí Eraser agus Move le montáis a chruthú.

(Cuspóir 2) Daltaí a fhorbairt mar Rannpháirtithe sa tSochaí

Freagairt eolach chriticiúil a thabhairt ar shaincheist shóisialta/timpeallachta.

Eochairghné: Saoránacht